Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Deireadh Fómhair 2017
(OR. en)**

**13319/17**

**COSI 228
JAI 925**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 12 Deireadh Fómhair 2017 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12650/17 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an athbhreithniú meántéarmach ar an Straitéis Athnuaite Slándála Inmheánaí don Aontas Eorpach 2015-2020<br>- Conclúidí ón gComhairle (12 Deireadh Fómhair 2017) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn na conclúidí ón gComhairle maidir leis an athbhreithniú meántéarmach ar an Straitéis Athnuaite Slándála Inmheánaí don Aontas Eorpach 2015-2020, a ghlac an Chomhairle ag an 3564ú cruinniú dá cuid ar an 12 Deireadh Fómhair 2017.

**IARSCRÍBHINN**

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE
MAIDIR LEIS AN ATHBHREITHNIÚ MEÁNTÉARMACH AR AN STRAITÉIS ATHNUAITE SLÁNDÁLA DON AONTAS EORPACH 2015-2020**

AGUS TAGAIRT Á DÉANAMH AICI do na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Straitéis athnuaite Slándála Inmheánaí don Aontas Eorpach 2015-2020[1], a ndearnadh foráil inti maidir le hathbhreithniú meántéarmach na straitéise sin i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, agus, i gcás inarb iomchuí, páirt á tabhairt do na gníomhaithe ábhartha amhail an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus gníomhaireachtaí CGB,

AG CUR SAN ÁIREAMH DI na tosaíochtaí a sainaithníodh sna Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Straitéis athnuaite Slándála Inmheánaí don Aontas Eorpach 2015-2020 agus
AG ATHDHEARBHÚ DI tábhacht leanúnach na n-iarrachtaí comhpháirteacha sin de chuid an Aontais Eorpaigh i gcomhrac na sceimhlitheoireachta, na coireachta tromchúisí agus eagraithe, agus na cibearchoireachta,

AG TABHAIRT DÁ hAIRE sa bhreis ar na tosaíochtaí agus na bearta a sainaithníodh cheana féin nach mór fócas athnuaite a leagan ar na dúshláin atá romhainn, dúshláin atá ag méadú leo i gcaitheamh an ama, d'fhonn treise a chur le cumas na n-údarás forfheidhmithe dlí an choireacht trasteorann a chosc agus a imscrúdú agus ciontóirí a ionchúiseamh,

AG AITHINT DI a thábhachtaí atá cumarphointe na slándála inmheánaí-seachtraí dár tugadh béim sa Chlár Oibre Eorpach maidir leis an tSlándáil[2], i Straitéis Dhomhanda an Aontais[3] agus sna conclúidí ón gComhairle Gnóthaí Eachtracha maidir leis an bhfrithsceimhlitheoireacht[4],
Á ÉILEAMH DI, dá réir sin, go leanfaí den chaidreamh coisctheach le tríú tíortha, go háirithe sna Balcáin Thiar, sa Tuirc, i réigiúin an Mheánoirthir agus na hAfraice Thuaidh, agus i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna a bhíonn le saincheisteanna slándála, agus chun an leas is fearr a bhaint as an mbreisluach a eascraíonn as an idirphlé atá ar siúl cheana le tríú tíortha maidir le cúrsaí frithsceimhlitheoireachta/slándála, agus den obair a bhíonn ar siúl ag na saineolaithe frithsceimhlitheoireachta/slándála,

---

1 9798/15
2 COM(2015) 185
3 https://europa.eu/globalstrategy/en/global-strategy-foreign-and-security-policy-european-union
4 10384/17

AG AITHINT DI gur léiriú iad na hionsaithe sceimhlitheoireachta a tharla san Eoraip le dhá bhliain anuas ní hé amháin gur bagairt do bheatha na saoránach í an sceimhlitheoireacht ach gur ionsaí í ar luacha bunaidh na hEorpa agus ar urraim do chearta an duine,

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI gurb é is ceart mar phríomhdhualgas ag gach rialtas na saoránaigh a choimeád sábháilte, agus BÉIM Á LEAGAN AICI nach cóir don idirlíon a bheith ina spás sábháilte don choirpeach ná don sceimhlitheoir ina bhféadfaidh siad coir a dhéanamh gan baol dlí,

AG TABHAIRT DÁ hAIRE torthaí an mheasúnaithe chuimsithigh a rinne an Coimisiún ar bheartas slándála an Aontais, ina léirítear trí thosaíocht an Chláir Oibre Eorpaigh maidir leis an tSlándáil agus trí thosaíocht na Straitéise athnuaite Slándála Inmheánaí don Aontas Eorpach 2015-2020, agus AGHAIDH Á TABHAIRT AICI ar na hábhair imní a léirítear sa mheasúnú cuimsitheach i.e. nach bhfuil cur chun feidhme iomlán éifeachtach á dhéanamh, rud ba shiocair le teorainn a chur le dea-thionchar na n-ionstraimí reatha, go sonrach i dtaca leis na nithe seo a leanas:

– bearnaí maidir le húsáid a bheith á baint as córais faisnéise agus bunachair sonraí an Aontais, agus maidir le faisnéis a bheith á roinnt,

– an gá atá le freagairt chuimsitheach i réimse na frithsceimhlitheoireachta, agus an fhreagairt sin ina comhcheangal idir creat coiriúlúcháin feabhsaithe ina gcuimsítear bearta coisicthe radacaithe agus malartú níos éifeachtaí ar fhaisnéis faoi chionta sceimhlitheoireachta,

– an úsáid is uasta dar féidir a bhaint as nósanna imeachta imscrúdúcháin airgeadais sa chomhrac i gcoinne mhaoiniú na sceimhlitheoireachta,

– an deis atá ann tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh maidir le sciúradh airgid, gnóthú sócmhainní agus coireacht airgeadais,

– gníomhaíocht de chuid an Aontais i réimse na coireachta eagraithe, nach mór cur chuige cuimsitheach cothrománach ina leith, seachas cur chuige deighilteach nach ndíríonn ach ar chineálacha sonracha coireachta,

– an comhrac i gcoinne na cibearchoireachta a fheabhsú, go háirithe ó thaobh rochtain trasteorann ar fhianaise, an comhar le gníomhaithe príobháideacha, forléargas níos iomláine ar an bhfaisnéis choiriúil a bhaineann le bagairtí, agus comhordú níos fearr i measc na ngníomhaithe ábhartha uile,

AG ATHDHEARBHÚ DI ról lárnach an Bhuanchoiste um an gComhar Oibríochtúil sa tSlándáil Inmheánach (COSI) i dtaca le neartú an chomhair oibríochtúil idir údaráis na mBallstát chomh maith le forbairt, cur chun feidhme agus faireachán na Straitéise athnuaite Slándála Inmheánaí don Aontas Eorpach 2015-2020, mar a cuireadh i bhfios go láidir sa nóta ar an ról a bheidh ag COSI amach anseo[5],

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar an ról tábhachtach atá ag timthriall beartais an Aontais maidir le coireacht idirnáisiúnta thromchúiseach eagraithe a chomhrac chun an comhar oibríochtúil a neartú agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú go mór leis an Straitéis athnuaite Slándála Inmheánaí don Aontas Eorpach 2015-2020 a chur chun feidhme chomh maith lena áirithiú go mbeidh cur chuige réamhghníomhach faoi stiúir faisnéis choiriúil i ndáil leis sin ann,

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar a riachtanaí atá sé na cearta, na saoirsí agus na prionsabail a leagtar amach i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a urramú agus a chur chun cinn, laistigh den Aontas Eorpach agus san obair uile a dhéantar chun limistéar saoirse, slándála agus ceartais a chruthú agus a choinneáil ar bun,

AGUS BÉIM Á LEAGAN DI ar a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh ann cothroime iomchuí idir riachtanais bheartas slándála inmheánaí an Aontais agus an gá go gcomhlíonfaí ina n-iomláine na cearta bunúsacha, lena n-áirítear na cearta sin a bhaineann leis an bpríobháideachas, le cosaint sonraí pearsanta, le rúndacht chumarsáide, agus le prionsabail an riachtanais, na comhréireachta, agus na dlíthiúlachta,

AG TABHAIRT DÁ hAIRE an rannchuidiú ó Pharlaimint na hEorpa do Straitéis athnuaite Slándála Inmheánaí an Aontais, rud a léiríonn clár oibre comhpháirteach na Comhairle, an Choimisiúin agus na Parlaiminte,

[5] 8900/17

DÉANANN AN CHOMHAIRLE AN MÉID SEO A LEANAS:

TUGANN SÍ DÁ hAIRE an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le haontas slándála[6], ina n-éilítear go ndéanfaí éascú maidir le huirlisí praiticiúla agus dlíthiúla, lena gcuirfear ar chumas na n-údarás náisiúnta um fhorfheidhmiú an dlí sna Ballstáit oibriú as lámh a chéile chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin choiteanna a bhaineann leis na bearnaí arb ann dóibh fós, leis an ilroinnt agus le srianta oibríochtúla na n-uirlisí malartaithe faisnéise atá i bhfeidhm, chun struchtúir chomhair a dhéanamh chomh héifeachtach agus is féidir, agus chun a áirithiú go mbeidh an reachtaíocht Eorpach lena dtéitear i ngleic le gníomhaíochtaí sceimhlitheoirí agus coirpeach cothrom le dáta agus stóinsithe,

CUIREANN SÍ I dTREIS na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an mbealach chun cinn i dtaca le feabhas a chur ar an malartú faisnéise, agus i dtaca le hidir-inoibritheacht na gcóras faisnéise[7] atá ag an Aontas a áirithiú, agus CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR a riachtanaí atá sé go mbainfí amach simpliú níos mó, comhsheasmhacht, éifeachtacht agus aird i dtaca leis na riachtanais oibríochtúla ar mhaithe le rochtain ar bhunachair sonraí éagsúla i réimse an Cheartais agus Gnóthaí Baile a éascú d'údaráis forfheidhmithe dlí,

CUIREANN SÍ SAN ÁIREAMH na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Straitéis athnuaite Slándála Inmheánaí don Aontas Eorpach 2015-2020, lena n-éilítear comhleanúnachas agus comhsheasmhacht leis an Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ón Ardionadaí maidir le cur i gcoinne bagairtí hibrideacha[8] agus lena gcuirtear i bhfios go láidir gur cheart cloí le cur chuige gasta, solúbtha, faisnéistreoraithe ionas gur féidir leis an Aontas Eorpach freagairt go cuimsitheach agus go comhordaithe do bhagairtí atá ag teacht in inmhe, lena n-áirítear bagairtí hibrideacha,

MEASANN SÍ gur den tábhacht cur chuige a ghlacadh, atá níos anailísí agus níos sruthlínithe, i dtaca le clárú agus tuairisciú, agus an Straitéis athnuaite Slándála Inmheánaí don Aontas Eorpach 2015-2020 á cur chun feidhme,

---

6 COM(2016) 230 final, 20 Aibreán 2016
7 10151/17
8 COM(2016) 18 final, 6 Aibreán 2016

SAINAITHNÍONN SÍ na réimsí tosaíochta seo a leanas ar réimsí iad dar dlite gníomhaíocht láidir chomhordaithe i dtaca le comhrac na sceimhlitheoireachta agus le cosc agus comhrac na coireachta tromchúisí agus eagraithe agus na cibearchoireachta, agus ar luadh iad mar réimsí tosaíochta sna Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Straitéis athnuaite Slándála Inmheánaí don Aontas Eorpach 2015-2020:

– malartú faisnéise agus idir-inoibritheacht idir bunachair éagsúla sonraí i réimse an Cheartais agus Gnóthaí Baile, lena n-áirítear simpliú a dhéanamh ar na nósanna imeachta rochtana do na húdaráis inniúla náisiúnta forfheidhmithe dlí, nó d'údaráis inniúla náisiúnta ábhartha eile, mar phríomheilimintí i gcomhrac éifeachtach na sceimhlitheoireachta agus na coireachta eagraithe,

– an comhrac i gcoinne na cibearchoireachta a neartú trí anailís rialta a dhéanamh ar cé mar atá an bhagairt, chomh maith leis an síorathrú a thagann ar choireanna cibearchumasaithe, agus uirlisí beartais a choigeartú dá réir sin agus díriú ar chosc na coiriúlachta agus ar fheabhsú an chomhair oibríochtúil,

– infhaighteacht éifeachtach na n-uirlisí imscrúdaitheacha a áirithiú, ar uirlisí iad atá ag teacht leis an aois dhigiteach, chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ag teacht in inmhe maidir le rialachas idirlín, go háirithe tríd an méid seo a leanas:

  – rochtain trasteorann a áirithiú ar fhianaise leictreonach trí chumhachtaí iomchuí imscrúdaitheacha ar líne,

  – dul i ngleic leis an ról a bhíonn ag criptiú in imscrúduithe coiriúla agus an comhar a ghabhann leis sin a fheabhsú i measc údaráis forfheidhmithe dlí, lena n-áirítear le páirtithe iontaofa lasmuigh den Aontas, chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá fós ann i ndáil le mí-úsáid a bheith á baint as seirbhísí criptithe inn ar inn, agus chun cur chuige comhréireach a áirithiú tráth a mbítear i dteagmháil le soláthraithe seirbhíse agus monaróirí feistí,

  – a áirithiú, faoi réir coimircí iomchuí, infhaighteacht na sonraí; agus go mbíonn na Ballstáit in ann rochtain a fháil ar na sonraí sin chun críocha imscrúdaithe, faoi réir maoirseacht éifeachtach,

- feabhas a chur ar an gcomhrac i gcoinne na coireachta airgeadais agus i gcoinne sciúradh airgid, agus gnóthú sócmhainní a éascú, trí thacú le comhar praiticiúil éifeachtach idir na Ballstáit, agus comhpháirtíocht oibre a spreagadh idir na Ballstáit agus leis an earnáil phríobháideach,
- aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a eascraíonn as an radacú, agus as an radacú ar líne,
- athléimneacht an Aontais a mhéadú i réimsí amhail cosaint spásanna poiblí,
- neartú a thuilleadh ar na naisc idir beartais slándála inmheánaí agus beartais slándála seachtraí chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo an Straitéis Dhomhanda agus aontas slándála éifeachtach agus dílis a chur chun feidhme, go háirithe tríd an gcomhar le tríú tíortha a threisiú, go háirithe sna Balcáin Thiar, i réigiún an Mheánoirthir agus na hAfraice Thuaidh, leis an Tuirc agus le tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir, maidir le ceisteanna slándála a bhaineann leis an dá thaobh, agus maidir le roinnt na faisnéise leis na tíortha sin a fheabhsú. Ar chuid den mhéid a bheadh i gceist leis an gcomhar sin, bheadh comhrac na sceimhlitheoireachta agus cosc a chur le leathadh an antoisceachais fhoréignigh agus an radacaithe; comhrac na coireachta tromchúisí trasnáisiúnta agus na coireachta eagraithe trasnáisiúnta, lena n-áirítear smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine, ar armáin agus ar earraí, chomh maith leis an gcomhrac i gcoinne na cibearchoireachta agus dul i ngleic le bagairtí hibrideacha,

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

- dlúth-chomhordú a dhéanamh idir na Ballstáit sin ag a mbíonn Uachtaránacht ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh, agus clár 18 mí na Comhairle i ndáil le Straitéis Chomhpháirteach Slándála Inmheánaí, a ullmhú,
- a áirithiú go gcuirfear chun feidhme mar is ceart gach beartas agus ionstraim reachtach reatha agus beartaithe chun na cuspóirí atá sa Straitéis athnuaite Slándála Inmheánaí don Aontas Eorpach a bhaint amach, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, agus nuair is iomchuí, le gníomhaireachtaí CGB,

TUGANN SÍ TREOIR DO COSI:

- dlúthchomhar a dhéanamh leis an gCoiste Polaitiúil agus Slándála (CPS), leis an gCoiste Comhordúcháin i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla (CATS), agus le coistí ábhartha agus meithleacha eile de chuid na Comhairle tráth a mbeifear ag cur chun feidhme agus ag monatóireacht fheidhmíocht na dtosaíochtaí a leagtar amach sa Straitéis athnuaite Slándála Inmheánaí don Aontas Eorpach,

- moltaí a dhéanamh agus treoir a thabhairt maidir le gníomhaíochtaí a dhéanfar ar ábhair shonracha trína iarraidh ar mheithleacha obair ullmhúcháin nó leantach a dhéanamh ar na saincheisteanna sin a bheidh le plé ag COSI tráth a mbeifear ag cur chun feidhme na Straitéise athnuaite Slándála Inmheánaí don Aontas Eorpach, agus roghanna a chur faoi bhráid COSI lena marana a dhéanamh orthu,

- faireachán a dhéanamh ar Pháipéar comhpháirteach Cur Chun Feidhme na hUachtaránachta reatha agus na hUachtaránachta nua, ag a mbeidh struchtúr tosaíochtbhunaithe, maidir le pleanáil agus le cur chun feidhme na Straitéise athnuaite Slándála Inmheánaí don Aontas Eorpach.